

Aighneacht Straitéis Leabharlainne na hÉireann

Leabharlanna Éireann

Iúil 2022

| | |
|---|---|
| Cúlra | 2 |
| Intreoir | 2 |
| Stair na Gaeilge | 3 |
| An Ghaeilge sa cháipéis chomhairliúcháin | 3 |
| Acht na dteangacha oifigiúla (leasú) 2021 | 3 |
| Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030 | 4 |
| Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge | 4 |
| Straitéis litearthacht 10 mbliana | 5 |
| Ríomhleabhair agus closleabhair | 5 |
| Catalógú Ábhar | 5 |
| Suíomh Idirlín agus Córas Bainistíochta Leabharlainne | 6 |
| Scoileanna | 8 |
| Feiceálacht na Gaeilge | 8 |
| Feachtas léitheoireachta as Gaeilge | 8 |
| Conclúid | 8 |

CÚLRA:

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé

cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

INTREOIR:

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Straitéis Leabharlainne na hÉireann.

Is deis iontach ann an straitéis nua seo chun feiceálacht na Gaeilge agus seirbhísí agus léitheoireacht trí Ghaeilge a normalú. Má chuirtear i bhfeidhm na moltaí atá luaite, is féidir é seo a bhaint amach.

STAIR NA GAEILGE

Caithefear cuimhneamh go raibh daoine ag scríobh agus ag léamh i nGaeilge i bhfad roimh go raibh daoine ag scríobh i mBéarla. Tá an Ghaeilge mar an 3ú teanga scríofa is sine san Eoraip ina ndiaidh an Ghréigis agus an Laidin. An chéad tagairt den Ghaeilge scríofa téann sé siar do na hinscríbhinní ar na clocha ogham sa 4ú haois. Is féidir a rá sa tír seo go raibh an Ghaeilge á scríobh agus á léamh thart ar mhíle bliain roimh an mBéarla. Ní amháin sin ach de réir Peter Berresford Ellis ina leabhar *The Druids*, roimh 1800 bhí an líon is mó lámhscríbhinní leighis i nGaeilge thar aon teanga eile ar domhan. Tá tábhacht faoi leith ag na leabharlanna leabhair Gaeilge a choinneáil ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

AN GHAELIGE SA CHÁIPÉIS CHOMHAIRLIÚCHÁIN

Ní raibh ach tagairt amháin faoin nGaeilge sa cháipéis. Ní mórán é as cáipéis 58 leathanach. Is léir nach bhfuil an Ghaeilge tógtha go dáiríre sa cháipéis seo.

‘Tá ról seanbhunaithe, tábhachtach ag an tseirbhís leabharlainne i litríocht na hÉireann agus sa Ghaeilge a chur chun cinn.’

Is gá eolas sonraithe faoin nGaeilge a chur síos sa doiciméid. Más athbhreithniú ar an sean straitéis an cháipéis seo, ba chomhair anailís a dhéanamh ar conas atá ag éirí leis na seirbhísí Gaeilge sna leabharlanna. Mar shampla, ba chóir go mbeidh líon na leabhair Gaeilge luaite, líon na closleabhar Gaeilge, líon na ríomhleabhar Gaeilge, an méid daoine agus uaireanta tugadh amach na leabhair sin ar bhonn bliantúil, líon na leabharlann Gaeltachta, líon na mball sa Ghaeltacht ar bhonn bliantúil, líon agus céatadán na n-oibríthe le Gaeilge agus líon na leabhar / closleabhar / ríomhleabhar a cheannaíodh ar bhonn bliantúil bailithe. Is féidir spriocanna a leagadh síos (dar ndóigh ag iarraidh ardú) bunaithe ar na figiúirí sin ar bhonn SICRU (Sonrach, Intomhaiste, Comhaontaithe, Réalaíoch agus Uainithe).

ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA (LEASÚ) 2021

Tá Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 i bhfeidhm faoi láthair. Beidh impleachtaí ag an reachtaíocht seo ar conas a oibríonn na leabharlanna amach anseo.

Mar shampla tá ailt a leagann síos go gcaithfear 20% d’earcaithe ó 2030 a bheith inniúil sa Ghaeilge leibhéal B2 TEG.

Freisin is gá a chinntiú go mbeidh gach seirbhís curtha ar fáil sa Ghaeltacht faoi 2030. Beidh gá 20% d'fhógraíocht a dhéantar faoi cheann 3 bliana a bheith i nGaeilge. Is gá 5% den bhuiséad margaíochta a bheith caite ar na meáin Gaeilge.

Beidh na caighdeáin i bhfeidhm i gceann 3 bliana. Beidh na seirbhísí ar gá a cur ar fáil as Gaeilge sna caighdeáin sin.

Is gá mar sin don straitéis an tAcht seo a thógáil san áireamh.

STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAELIGE 2010 - 2030

Seo a deirtear sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030 maidir leis na leabharlanna: ‘forbairt a dhéanamh ar imeachtaí agus ar ghníomhaíochtaí litríochta i leabharlanna poiblí ar feadh na bliana (agus ní le linn Sheachtain na Gaeilge amháin) - saothair á léamh ag a n-údair, seoltaí, clubanna léitheoireachta agus éisteachta agus cláir litríochta do scoileanna;’

‘Tá an Ghaeilge ina hinspioráid ag roinnt mhaith foirmeacha ealaíon nuaaimseartha lena n-áirítear litríocht, ceol agus amharclannaíocht. Níl teacht éasca ar chuid mhaith de na lámhscríbhinní is tábhachtaí, áfach, mar go bhfuil siad coinnithe i dtaisclanna in áiteanna éagsúla ar fud an domhain agus mar go bhfuil saothair thábhachtacha eile as cló. Fágfaidh an clár seo go mbeidh teacht lárnach ar ábhair Ghaeilge atá á gcoinneáil i gcartlanna, i dtaisclanna, i leabharlanna agus in ollscoileanna ar fud an domhain’

Is gá é seo a thógáil san áireamh agus an straitéis á dhréachtú.

PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA DON GHAELIGE

Seo na gníomhaíochtaí a gá do na leabharlanna a dhéanamh de réir an Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge

5.6 Maidir le Cartlann Athbheochan na Gaeilge, déanfar catalógú ar Chartlann Chonradh na Gaeilge, An Claidheamh Soluis 1917 1932 a dhigitiú agus a chur ar fáil ar líne. Déanfar tuairiscí agus comhfhreagras timireachta atá i seilbh an Chonartha agus na Leabharlainne Náisiúnta a chur in eagar chomh maith, ar mhaithe lena gcur ar fáil don phobal. Eagraíochtaí bainteach - Conradh na Gaeilge Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Leabharlann Náisiúnta. Tréimhse ama - Ar bhonn leanúnach’

‘5.7 Ag tógáil ar obair www.duchas.ie, cuirfear tacaíocht ar fáil chun digitiú a dhéanamh ar ábhair Ghaeilge atá á gcoinneáil i gcartlanna, i dtaisclanna, i leabharlanna agus in ollscoileanna ar fud an domhain. Eagraíocht bainteach - RCOG Tréimhse Ama - Ar bhonn leanúnach’

STRAITÉIS LITEARTHACHT 10 MBLIANA

Is gá an ADULT LITERACY FOR LIFE - A 10-YEAR ADULT LITERACY, NUMERACY AND DIGITAL LITERACY STRATEGY a thógáil san áireamh

'The literacy needs of native Irish speakers must also be accommodated. A development programme should be rolled out to improve the accessibility of Government services for native Irish speakers and expand communication by public sector bodies in Irish. This should examine the potential for: · Support material being created in natural, accessible Irish in the three major dialects. · The use of "Plain Irish" and forms that are readable. · Use of bilingual information, forms etc. with both languages "side by side" rather than separate documents. · High-level visibility of Irish language documentation. · The Irish language being included in all publicity campaigns across all media. · Specific training programmes for staff from various agencies (including programmes in the Gaeltacht as part of CPD) to develop competency in the Irish language.'

RÍOMHLEABHAIR AGUS CLOSLEABHAIR

Molann Conradh na Gaeilge as na hiarrachtaí atá déanta ag Leabharlanna Éireann an méid is mó ríomhleabhar as Gaeilge a chur ar BorrowBox. Ba chóir coinneáil le sin agus taighde a dhéanamh ar gach foilsitheoir atá ríomhleabhar Gaeilge acu.

Ba chóir an t-éileamh ar ríomhleabhair a chur in iúl do na foilsitheoirí Gaeilge go díreach. Is é an leabharlann áitiúil an chéad phointe teagmhála a bheadh ag an-chuid léitheoirí, ach mura bhfeictear go bhfuil ríomhleabhair Ghaeilge ar fáil cheana féin, nó éasca le haimsiú, ní léir an bhfuil foilsitheoirí na Gaeilge ag feiceáil an éilimh sin más tríd an leabharlann amháin a bhítear á gcuardach.

Níl an méid sin closleabhair ann, ach arís is gá a chinntiú go bhfuil gach ceann ar fáil. Is áis iontach é closleabhar d'fhoghlaimoirí Gaeilge.

Ba chóir feachtas poiblíochta a eagrú le léiriú na ríomhleabhair agus closleabhair Gaeilge atá ar fáil.

CATALÓGÚ ÁBHAR

- Ba chóir iniúchadh a dhéanamh ar an gcur chuige catalógaithe le taifid mhíchruinn a sheachaint agus taifid dhúbailte a sheachaint, a bhainfidh le catalógú a dhéanfar as seo amach.
- Ba chóir treoir a thabhairt do chatalógaithe atá ag obair le saothair, is é sin treoir leagtha síos mar gheall ar an síneadh fada (á, é, í, ó, ú) agus litriú na Nua-Ghaeilge, agus mar gheall ar an seanlitriú i gcás leabhair a foilsíodh roimh na 1960idí.

Δ b c d e f g h i l m n o p r s t u

Δ b c d e f g h i l m n o p r r r t u

a b c d e f g h i l m n o p r s t u

Lenited consonants

ḃ ḅ ḥ ḉ ḋ ḏ Ḓ Ḓ Ḕ Ḕ Ḗ Ḗ Ḙ Ḙ Ḡ Ḡ

bh ch dh fh gh mh ph sh th

B'fhiú iniúchadh a dhéanamh ar an gcatalóg reatha le taifid mhíchruinn a cheartú agus taifid dhúbailte a chur le chéile, a bhainfidh leis an gcatalóg mar atá.

Sampla:

https://librariesireland.iii.com/iii/encore/record/C_Rb1338368_Ss%C3%A1irs%C3%A9al%20agus%20dill_Orightresult_U_X6?lang=eng&suite=def

versus

https://librariesireland.iii.com/iii/encore/record/C_Rb3168572_Ss%C3%A1irs%C3%A9al%20agus%20dill_P0%2C1_Orightresult_U_X6?lang=eng&suite=def

SUÍOMH IDIRLÍON AGUS CÓRAS BAINISTÍOCHTA LEABHARLAINNE (LMS)

Comhthéacs: Is féidir léiriú trí láithreach ar líne go bhfuil fáilte roimh úsáid na Gaeilge agus gur féidir seirbhísí trí mheán na Gaeilge a fháil ó Leabharlanna Éireann. Mar gheall ar an ról suntasach atá ag seirbhísí ar líne agus ag suímh ghréasáin, is mór an difear agus an tábhacht a bhaineann leis an chuid seo den tairiscint ghníomhach.

Rogha Teanga

Ba chóir go mbeadh rogha teanga ar fáil ar an gcéad leathanach den suíomh gréasáin leis an rogha Gaeilge ar bharr nó roimh rogha Béarla leis an rogha Gaeilge a chur chun tosaigh. Ba chóir freisin go mbeidh an rogha seo ar fáil ar gach leathanach ar an suíomh le cuidiú le daoine malartú idir an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla más maith leo é sin a dhéanamh.

Atreorú

Má athraíonn úsáideoir a rogha teanga, agus iad ar shuíomh, níor chóir go ndéanfar atreorú chuig leathanach baile an tsuímh nó chuig leathanach a phléann leis an nGaeilge amháin. Ba chóir go mbeadh malartú teanga ceart ann ó theanga amháin go teanga eile i gcónaí.

Ábhar

Ba chóir go mbeadh gach ábhar ar líne ar fáil as Gaeilge. Níor leor go mbeadh aon leathanach amháin i rannóg Ghaeilge ar an suíomh leis na cáipéisí atá aistrithe go Gaeilge ag an eagraíocht air. Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge in úsáid fud fad shuíomh Leabharlanna Éireann agus gur féidir le daoine eispéireas iomlán a bheith acu ar an suíomh trí mheán na Gaeilge ar chomhchéim leo siúd a bhfuil Béarla amháin acu.

Foirmeacha ar líne

Ba chóir go mbeadh fáil ar líne ar fhoirmeacha aistrithe trí mheán na Gaeilge san áit chéanna agus atá leagan Béarla ar fáil. Ina theannta sin, ba chóir cinntiú gur féidir le haon chóras ar líne glacadh le sínte fada (á, é, í, ó, ú) le cinntiú gur féidir le daoine na foirmeacha seo a líonadh isteach mar is cuí.

Aistriúchán

Ba chóir aistritheoirí gairmiúla a fhostú a dhéanfaidh an obair seo mar is ceart ón tús agus an leagan Gaeilge a phrofléamh. Níor chóir brath ar seirbhís aistriúcháin uathoibríoch ar nós Google Translate. Níl sé cruinn agus níl seo oiriúnach do dhaoine atá ag lorg eolais ó eagraíocht phoiblí ar líne. Agus príomhábhar an tsuímh aistrithe, ní bhíonn cuid mhór aistriúchán eile le déanamh. Aon ábhar atá ar fáil don phobal tá gá a chinntiú go bhfuil sé ar fáil i nGaeilge chomh maith leis an mBéarla.

Stíleanna agus Méideanna

Ba chóir go mbeadh na stíleanna agus na méideanna céanna in úsáid don dá theanga a oiread agus is féidir. In amanna, is gá leasuithe a dhéanamh mar gheall ar mhéid focal nó fad frása i gcodanna áirithe den suíomh ach ba chóir go mbeadh feiceálacht an dá theanga chomh maith céanna maidir le leagan amach, inrochtaineacht srl.

Seoladh Fearainn

Ba chóir go mbeadh leagan Gaeilge den ainm fearainn ar fáil. Is féidir le dhá ainm fearainn bheith cláraithe leis an suíomh céanna, ceann as Gaeilge agus ceann as Béarla. Is féidir sínte fada a úsáid d'ainm fearainn anois.

Na meáin shóisialta

Tá ardú suntasach tagtha ar mhinicíocht teagmhála ar na meáin shóisialta le ranna agus comhlachtaí stáit le blianta beaga anuas agus ní mór freastal ar an éileamh seo agus cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal ar na hardáin seo. Ar nós suímh ghréasáin, ba chóir go mbeadh gach eolas atá le foilsiú ar na meáin sóisialta go dátheangach ar a laghad. Is féidir é seo a dhéanamh trí dhá theanga a chur isteach in aon phostáil amháin, nó trí dhá phostáil éagsúla a dhéanamh le ceann as Gaeilge agus an ceann eile as Béarla más gá. Tá rogha ann chomh maith le leathanach Facebook nó cuntas Twitter, Instagram, Snapchat, LinkedIn, TikTok nó eile breise a chruthú as Gaeilge. Freisin, ba chóir go mbeadh an pobal in ann cumarsáid a dhéanamh leis an chomhlacht phoiblí trí mheán na Gaeilge agus a bheith ag dúil le freagra.

Réaltaí an tSamhraidh

Aithnítear 'Summer Stars' ar cheann de na tograí is mó a dhéanann Leabharlanna Éireann le daoine óga a spreagadh chun léitheoireachta. Tá sé níos deacra teacht ar eolas faoi seo i nGaeilge (Réaltaí an

tSamhraidh) ná mar atá sa Bhéarla. Faoi láthair 6 Iúil 2022) is gá ‘realtaí an tsamhraidh’ a chuardach ar an suíomh le teacht ar thorthaí. Is é sin, caithfear é a litriú go mícheart, gan sínte fada, go coinsiasach; ná ní féidir ‘réaltaí an tsamhraidh’ a chuardach, ná ‘réalta samhraidh’ ná ‘réalta an tsamhraidh’). Ní féidir é a aimsiú ar an taobh Gaeilge, agus má bhrúitear ‘Gaeilge’ in áit ar bith ar an suíomh caitear an t-úsáideoir ar ais chuig an bpríomhleathanach. An cheist atá ann, cad iad na céimeanna a leanfadh an t-úsáideoir le Gaeilge? An bhfuiltear á mbrú chun an taobh Béarla a úsáid? Istigh sna brainsí, an bhfuiltear ag taispeáint rogha ‘Réaltaí an tSamhraidh’ ar comhchéim leis an rogha Béarla, sna foirmeacha a thugtar amach agus san ábhar poiblíochta a chuirtear ar fáil do na brainsí?

SCOILEANNA

Is gá do na leabharlanna a aithint go bhfuil Gaeilge á mhúineadh i ngach scoil agus go bhfuil cuid mhaith scoileanna ina nGaelscoileanna agus Gaelcholáistí, gan trácht ar scoileanna Gaeltachta. Molann Conradh na Gaeilge gach imeacht a eagraítear do dhaoine óga sna leabharlanna trí Bhéarla go n-eagraítear imeacht trí Ghaeilge.

FEICEÁLACHT NA GAEILGE

Tá fíor easpa leabhar as Gaeilge le feiceáil ar sheilfeanna na leabharlanna. Déanann leabharlannaí cinntí faoi cén leabhar a chuirtear ar na seilfeanna. Ba mhaith le Conradh na Gaeilge go mbeidh coinníoll leagtha síos go mbeidh 5% de na leabhair ar na seilfeanna gur leabhair Gaeilge iad agus 10% de na leabhair do pháistí a bheith i nGaeilge. Is é seo an gníomh is éifeachtaí chun normalú a dhéanamh ar an nGaeilge sna leabharlanna.

FEACHTAS LÉITHEOIREACHTA AS GAEILGE

Tá gá le feachtas ceart léitheoireachta a spreagadh as Gaeilge. Tá feachtas Love Leabhar Gaeilge ann, ach caithfear an feachtas a mhéadú sna leabharlanna.

Ba chóir go mbeidh fógraí teilifíse, raidió, nuachtáin, póstaer, na meáin sóisialta, srl. ann ag spreagadh daoine chun léamh as Gaeilge.

LEABHARLANN

Níl líon na leabhair Gaeilge chomh mór le líon na leabhair Béarla sna leabharlanna. Mar sin ní bhíonn feiceálacht na Gaeilge chomh maith le feiceálacht Béarla sna leabharlanna. Chun normalú a dhéanamh ar an teanga agus rochtain níos éasca a fháil ar leabhair Gaeilge molann Conradh na Gaeilge leabharlann nua nó spás faoi leith a bheadh leabhair Gaeilge amháin ann. Taispeánfaidh sé seo cén saghas rogha leabhair atá ann agus beadh sé mar chartlann do leabhair Gaeilge freisin. Dúirt Áine Marie Ní Cheallaigh, stiúrthóir chathair litríochta UNESCO Bhaile Átha Cliath agus leabharlannaí le leabharlanna chathair Bhaile Átha Cliath os chomhair Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta

agus Phobal Labhartha na Gaeilge ar an 25 Bealtaine go bhfuil 23,820 stoc i nGaeilge ar a laghad. Mar sin is féidir leabharlann bhreá Gaeilge a thógáil ar an stoc sin.

Má tá leabharlann fholamh nó spás folamh ar fáil d'fhéadfadh Leabharlanna Éireann leabharlann nua a thógáil ar chostas íseal.

CONCLÚID

Ní raibh ach líne amháin sa cháipéis chomhairliúcháin maidir leis an nGaeilge. Is gá do na leabharlanna a chúram maidir leis an nGaeilge a thógáil go dáiríre. Tá ról normalú ag na leabharlanna don Ghaeilge agus na moltaí atá tugtha san aighneacht seo cuideoidh sé sin leis an normalú. Is gá spriocanna a leagadh síos sa straitéis nua chun an normalú a bhaint amach.

Táimid ar fáil le plé faoin aighneacht seo ar do chaoithiúlacht.